An Poll Dubh

IDIR DHÁ MHÍLAOIS

FIONTAR – DCU

Fionnbarra Ó Brolcháin

Áirítear gurb ionann agus leath de thrádáil iomlán an domhain na hidirbhearta a dhéanann comhlachtaí móra idirnáisiúnta go hinmheánach, i measc a bhfochomhlachtaí féin. Mar gheall ar an ról lárnach atá ag infheistíocht ón taobh amuigh i bpolasaithe forbartha na tíre seo, tá tábhacht faoi leith ag baint le nithe a chuirfeadh an trádáil seo i mbaol. Is fíor seo go mór mhór i gcás comhlachtaí Meiriceánacha, atá ag soláthar thart ar 80% d'urrúis iasachta na tíre seo faoi láthair.

Glaoitear praghsáil aistrithe ('transfer pricing') idirnáisiúnta ar an bpróiseas a shocraíonn cé na praghsanna ag a n-aistríonn fiontair atá gaolta len a chéile a gcuid earraí, seirbhísí agus socmhainní ó thír amháin go tír eile. Toisc go ngearrann gach rialtas cánacha corparáide atá bunaithe ar mhéid an bhrabúis a dhéanann comhlacht sa tír ina bhfuil sé suite, ceaptar go n-úsáidtear praghsáil aistrithe míchothrom go minic chun brabús ard a léiriú sna tíortha sin ina bhfuil na rátaí cánach íseal.

De bharr go bhfuil ráta an-íseal sa tír seo ach go háirithe, is é sin 10% ar bhrabús déantúsaíochta agus 10% ar sheirbhísí trádála idirnáisiúnta, dar lenár bpáirtnéirí san Aontas Eorpach (EU), tá neamhaird á tabhairt againn ar chás na gcomhlachtaí atá ag úsáid na bpraghsanna aistrithe míchothroma seo. Deir saineolaithe go n-aistríonn na comhlachtaí cistí anseo trí phraghsanna ísle a ghearradh ar fhochuideachtaí atá ag ceannach amhábhair and trí phraghsanna arda a ghearradh ar earraí críochnaithe nuair a sheoltar ar ais thar lear iad chuig an mháthairchomhlacht.

I gcás na dtionscal ardteicneolaíochta, tá ceist chasta bhreise ann. Ní hamháin go bhfuil sé an-deacair praghas 'ceart' a aimsiú ar thorthaí oibre Taighde & Forbartha (R&D), obair a dhéantar go minic thar lear, ach nuair a lonnaíonn fochuideachta deantúsaíochta in Éirinn, gearrtar ríchíosanna ísle ar an gcomhlacht sin ar an eolas luachmhar ardteicneolaíochta atá á úsáid aige, slí eile chun brabús ard a lonnú sa tír seo. Is fadhb ar leith é seo dúinne, toisc go bhfuil cuid mhór d'fhás eacnamaíochta na tíre ag brath ar earnáil na ríomhaireachta, idir bhogearraí agus chrua-earraí agus earnáil na gceimicí agus na cógaisíochta. Mar a deir an tOllamh Antoin Ó Murchú ó Choláiste na Tríonóide (TCD),"tá cúntasóirí ag cur cuid shuntasach de ghinias teicneolaíochta speisialtóirí Silicon Valley i leith oibrithe Éireannacha, chun cánacha corparáide a íoslaghdú." Creideann sé, as an bhfás 55% i GDP na tíre seo ó 1990 to 1996, má thógtar cúig rannóg ardteicneolaíochta as an áireamh, nár fhás an GDP ach thart ar 23%. B'fhéidir gur mar thoradh ar phraghsáil aistrithe a tharla thart ar 2% d'fhás GDP bliantúil na tíre seo le blianta beaga anuas.

Slí eile chun impleachtaí an 'phoill dhuibh', mar a ghlaoitear go minic air, don tír seo a léiriú ná tríd fhigiúir sa Chomhardú Íocaíochtaí is déanaí ón mBanc Ceannais. Do na cúig bliana, 1992 go 1996, seoladh ó £654 milliúin i 1992 go £2,087 milliúin i 1996, as an tír mar tháillí ríchíosanna agus ceadúnas. D'ardaigh an tIoncam Infheistíochta Díreach (is é sin an brabús a seoladh thar lear), ó £2,885milliún go £5,319 milliún sa bhliain thar an tréimhse chéanna. I 1996 amháin, má thógtar an dá fhigiúr seo le chéile, tá an t-iomlán beagnach chomh hard le méid an Ghlandíolacháin Trádála (i.e. earraí easpórtáilte lúide earraí impórtáilte).

Déanann údaráis chánach ar fud an domhain fiosrúcháin ar thart ar dhá thrian de chomhlachtaí idirnáisiúnta faoin a bpraghsanna aistrithe. I Meiriceá, nuair a bhí Bill Clinton ina iarrthóir i 1992 ar phost na huachtarántachta, gheall sé go mbeadh ar chomhlachtaí idirnáisiúnta $45 billiún breise a íoc sa tír sin de bharr leasú a bhí beartaithe a dhéanamh ar a gcuid praghsanna aistrithe. Go deimhin, gearrtar pionóis arda ar chomhlachtaí a áirítear a bheith ciontach. Mar shampla,i 1993 ghearr Internal Revenue Service (IRS) na Stát Aontaithe fíneáil thart ar $144 milliúin ar Nissan, an comhlacht gluaisteán Seapánach, de bharr a chinneadh go raibh Nissan ag aistriú ioncaim ó Mheiriceá go dtí an tSeapáin. Gearradh pionóis mhóra freisin ar Hitachi agus ar Yamaha mar aon le Barclays Bank as an Bhreatain. Ach tá an IRS chomh dian céanna ar a gcuid comhlachtaí Meiriceánacha féin. Gearradh bille $880 milliúin ar Pepsi Co tar éis iniúchadh a dhéanamh ar imeachtaí a bhfochuideachtaí Taco Bell, Pizza Hut agus Kentucky Fried Chicken. Sa tír seo, roinnt bhlianta ó shin, bhí ar Bausch & Lomb, an fochuideachta lionsaí teagmhála atá lonnaithe i bPort Láirge, a gcuid táillí ríchíosanna a ardú de bharr cinneadh a rinne cúirt chánach sna Stáit Aontaithe. Ar ndóigh, uaireanta imríonn tíortha eile díoltas de bharr beartas seo an IRS. Mar shampla, ghearr na húdaráis chánach sa tSeapáin pionóis de $145 milliún ar Coca Cola de bharr míchothromais ina gcuid praghsála aistrithe.

Chun cogadh cánach baolach mar seo a sheachaint, agus chun a dhéanamh cinnte nach leathnódh sé, d'fhógair an OECD treoirlínte cuimsitheacha nua i 1995. Ina theannta san, tá tíortha an EU tar éis Coinbhinsiún Praghsála Aistrithe a shíniú eatarthu féin. Go bunúsach, tá formhór tíortha tionsclaíocha an domhain ag aontú anois faoi na caighdeáin phraghsála ba chóir a bheith i réim. Bheidís seo bunaithe ar phrionsabail 'fad géige'. De réir an phrionsabail seo, ba chóir go mbeadh gach idirbheartaíocht trasteorannach idir comhlachtaí atá gaolta le chéile bunaithe ar na téarmaí céanna agus a bheadh idir comhlachtaí neamhspleácha. An phríomhfhadhb atá ann ná nach bhfuil aontú forleathan fós ann ar mhíniú praiticiúil ar an bprionsabal. Rud tábhachtach, áfach, ná go bhfuil tíortha go forleathan ag cur dualgais ar chomhlachtaí, rud nach gá do na húdaráis cánach a bhréagnú, a thaispeáint go bhfuil an praghas aistrithe atá socraithe acu, cothrom.

Nil aon dabht ach go bhfuil an IDA le tamall anuas neirbhíseach go mbeidh tionchar aige seo go léir ar mhéid na hinfheistíochta eachtrannaí is féidir linn a mhealladh. Faoi láthair, tá ár bpáirtnéirí EU ag cur brú ar an Rialtas leasú a dhéanamh ar an gcóras cánach sa tír seo, ionas go mbeidh sé níos cóngaraí do thíortha eile san EU. Gheall an Rialtas le déanaí go mbeidh cáin chaighdeánach chorparáide amháin de 12.5% ar gach comhlacht sa tír faoin mbliain 2010.

Is é Fionnbarra Ó Brolcháin, stiúrthóir Fiontar-DCU.

"Foinse", 1 Márta 1998